Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Nollaig 2025
(OR. en)

16771/25
ADD 2

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0394 (COD)

SIMPL 209
ANTICI 213
ENV 1383
ENT 284
MI 1054
IND 614
COMPET 1342
SAN 837
AGRI 710
CODEC 2125

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Nollaig 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 986 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoracha 2008/98/CE, 2010/75/AE, (AE) 2015/2193 agus (AE) 2024/1785 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le simpliú ceanglas áirithe agus laghdú ar an ualach riaracháin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 986 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 986 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.12.2025
COM(2025) 986 final

ANNEX 2

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoracha 2008/98/CE, 2010/75/AE, (AE) 2015/2193 agus (AE) 2024/1785 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le simpliú ceanglas áirithe agus laghdú ar an ualach riaracháin**

## Iarscríbhinn II

1. Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) Uimh. 2015/2193 mar a leanas:

(a) I gCuid 1, táblaí 1, 2 agus 3 a mhéid a bhaineann leis na teorainnluachanna astaíochtaí le haghaidh astú $NO_x$ nuair a úsáidtear breoslaí gásacha seachas gás nádúrtha, cuirtear an fonóta seo a leanas isteach tar éis na bhfigiúirí a luaitear sa seachtú colún maidir leis an truailleán sin:

'(*) Níl feidhm ag an teorainnluach astaíochtaí maidir le gléasraí dócháin ina ndóitear gás ina bhfuil níos mó ná 20 % de hidrigin (de réir toirte). Áiritheoidh na Ballstáit nach méadaítear an t-ualach foriomlán $NO_x$ a scaoiltear isteach san aer ar deireadh i gcaitheamh bliain amháin i gcomparáid leis an gcás inar lean na hastaíochtaí ón tsuiteáil lena mbaineann de bheith i gcomhréir le teorainnluachanna astaíochtaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II le haghaidh $NO_x$ le haghaidh dóchán gáis nádúrtha, gan dochar do bhearta níos déine a cheanglaítear de bhun Airteagal 6 (9).';

(b) I gCuid 2, táblaí 1 agus 2, a mhéid a bhaineann leis na teorainnluachanna astaíochtaí le haghaidh astú $NO_x$ nuair a úsáidtear breoslaí gásacha seachas gás nádúrtha, cuirtear an fonóta seo a leanas isteach tar éis na bhfigiúirí a luaitear sa séú colún maidir leis an truailleán sin:

'(*) Níl feidhm ag an teorainnluach astaíochtaí maidir le gléasraí dócháin ina ndóitear gás ina bhfuil níos mó ná 20 % de hidrigin (de réir toirte). Áiritheoidh na Ballstáit nach méadaítear an t-ualach foriomlán $NO_x$ a scaoiltear isteach san aer ar deireadh i gcaitheamh bliain amháin i gcomparáid leis an gcás inar lean na hastaíochtaí ón tsuiteáil lena mbaineann de bheith i gcomhréir le teorainnluachanna astaíochtaí a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn II le haghaidh $NO_x$ le haghaidh dóchán gáis nádúrtha, gan dochar do bhearta níos déine a cheanglaítear de bhun Airteagal 6 (9).';

2. Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2193 mar a leanas:

(c) I gCuid 1, pointe 2, cuirtear an dá fhleasc seo a leanas in ionad an dara fleasc:

'- trí oiread líon uasta na n-uaireanta oibriúcháin bliantúla ar an meán, is infheidhme de bhun Airteagal 6(3) nó Airteagal 6(8), i gcás gléasraí dócháin meánmhéide lena mbaineann ionchur teirmeach rátaithe cothrom le 20 MW nó os a chionn a chomhlíonann na ceanglais is infheidhme maidir le 'catagóir NRG' i leith rialuithe Chéim V faoi Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1],

- líon uasta na n-uaireanta oibriúcháin bliantúla ar an meán, is infheidhme de bhun Airteagal 6(3) nó Airteagal 6(8), i gcás gléasraí dócháin meánmhéide lena mbaineann ionchur teirmeach rátaithe os cionn 20 MW nach gcomhlíonann na ceanglais is infheidhme maidir le 'catagóir NRG' i leith rialuithe Chéim V faoi Rialachán (AE) 2016/1628.'

(d) I gCUID 2, cuirtear na pointí 4, 5 agus 6 seo a leanas leis:

[1] Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir le ceanglais a bhaineann le teorainneacha astaíochtaí le haghaidh truailleáin ghásacha agus cháithníneacha agus cineálcheadú i dtaca le hinnill dócháin inmheánaigh le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 agus Rialachán (AE) Uimh. 167/2013, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 97/68/CE

‘4. Déanfar torthaí na dtomhas a chaighdeánú ag an gcion caighdeánach de $O_2$ a luaitear in Iarscríbhinn II tríd an bhfoirmle seo a leanas a chur i bhfeidhm:

$$E_S = \frac{21 - O_S}{21 - O_M} \times E_M$$

| | | |
|---|---|---|
| $E_S$ | = | an tiúchan astaíochta arna ríomh ag an tiúchan céatadáin chaighdeánaigh ocsaigine |
| $E_M$ | = | an tiúchan tomhaiste astaíochta |
| $O_S$ | = | an tiúchan caighdeánach ocsaigine |
| $O_M$ | = | an tiúchan tomhaiste ocsaigine |

5. Nuair a tharlaíonn dóchán breosla in atmaisféar breis ocsaigine, is féidir torthaí na dtomhas a chaighdeánú ag cion ocsaigine arna leagan síos ag an údarás inniúil lena léirítear imthosca speisialta an cháis ar leith. Nuair a laghdaítear astaíochtaí substaintí truaillitheacha trí chóireáil dramhgháis, ní dhéanfar an caighdeánú i leith an chion ocsaigine dá bhforáiltear sa chéad fhomhír ach amháin má sháraíonn an cion ocsaigine arna thomhas thar an tréimhse chéanna leis an tsubstaint thruaillitheach lena mbaineann an cion caighdeánach ábhartha ocsaigine.

6. I gcás ina gcuirtear ocsaigin in ionad an aeir chomhthimpeallaigh ina iomláine, measfar gur comhlíonadh na teorainnluachanna astaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 6 mura bhfuil na hastaíochtaí níos airde ná na hastaíochtaí ó dhóchán an bhreosla ar leith ag an gcion caighdeánach $O_2$.’